Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 10 Samhain 2022**
**(OR. en)**

**14613/22**

**AGRI 620**
**ENV 1139**

**NÓTA CLÚDAIGH**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaí an Choimisiúin Eorpaigh, arna s(h)íniú ag Martine DEPREZ, Stiúrthóir |
| dáta a fuarthas: | 10 Samhain 2022 |
| chuig: | Thérèse BLANCHET, Ardrúnaí Chomhairle an Aontais Eorpaigh |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | COM(2022) 590 final |
| Ábhar: | TEACHTAIREACHT ÓN gCOIMISIÚN CHUIG PARLAIMINT NA hEORPA, CHUIG AN gCOMHAIRLE, CHUIG COISTE EACNAMAÍOCH AGUS SÓISIALTA NA hEORPA AGUS CHUIG COISTE NA RÉIGIÚN Infhaighteacht agus inacmhainneacht leasachán a áirithiú |

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad COM(2022) 590 final.

---

Faoi iamh: COM(2022) 590 final

AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 9.11.2022
COM(2022) 590 final

**TEACHTAIREACHT ÓN gCOIMISIÚN CHUIG PARLAIMINT NA hEORPA, CHUIG AN gCOMHAIRLE, CHUIG COISTE EACNAMAÍOCH AGUS SÓISIALTA NA hEORPA AGUS CHUIG COISTE NA RÉIGIÚN**

**Infhaighteacht agus inacmhainneacht leasachán a áirithiú**

## 1. RÉAMHRÁ

Tá **géarchéim dhomhanda leasacháin mhianraigh**, lena mbaineann déine nach bhfacthas a leithéid ó na 1970idí, ag teacht chun cinn faoi láthair. Mar thoradh ar phaindéim COVID-19, lenar ghabh suaití sa slabhra soláthair, agus an ghéarchéim fuinnimh ina diaidh, tá praghsanna níos airde ná riamh ag baint le leasacháin.

**Tá ról suntasach ag leasacháin maidir le slándáil bia**[1].

Bhí tionchar diúltach suntasach ag **ionradh neamhdhleathach agus gan údar na Rúise ar an Úcráin** ar na margaí domhanda leasacháin a bhí an-docht cheana féin. Tá laigí nochta aige mar gheall ar spleáchas an domhain ar líon beag soláthróirí domhanda. D'fhorchuir an Rúis, arbh í ba chúis le thart ar 15 % d'onnmhairí leasachán domhanda in 2020, srianta ar a honnmhairí bia agus leasachán féin, rud a laghdaíonn an soláthar domhanda agus a mhéadaíonn praghsanna. Cuireann ganntanas leasachán agus praghsanna arda leasachán leis an ngéarchéim slándála bia ar domhan[2] agus tá gá le hiarracht chomhbheartaithe chun aghaidh a thabhairt ar an ngéarchor leasacháin domhanda. Tá dlús curtha ag an Aontas lena iarrachtaí chun aghaidh a thabhairt ar neamhshlándáil dhomhanda an tsoláthair bia agus chun éifeachtaí na géarchéime bia i dtíortha leochaileacha a mhaolú, trí **Fhreagairt ghasta agus chuimsitheach Fhoireann na hEorpa ar Neamhshlándáil Dhomhanda an tSoláthair Bia**.

Thairis sin, bhí **Lánaí Dlúthpháirtíochta an Aontais** agus **Tionscnamh Gráin na Mara Duibhe** éifeachtach chun an ghéarchéim bhia a mhaolú trí ligean don Úcráin leanúint dá grán a easpórtáil agus rannchuidiú leis na margaí a chobhsú agus praghsanna bia a ísliú. Tá na **Lánaí Dlúthpháirtíochta idir an tAontas Eorpach agus an Úcráin** anois ina nasc mór trádála idir an Úcráin, an tAontas Eorpach agus an chuid eile den domhan agus go dtí seo éascaíodh leo onnmhairiú breis agus 14 mhilliún tona d'earraí talmhaíochta na hÚcráine (grán, síolta ola agus táirgí gaolmhara, lena n-áirítear leasacháin), rud a chabhraíonn leis an ngéarchéim dhomhanda bia a mhaolú. Tá an tAontas ag tacú leis an ról éascaithe atá ag na Náisiúin Aontaithe agus ag an Tuirc agus é ag iarraidh Tionscnamh Gráin na Mara Duibhe a athnuachan tar éis an 19 Samhain. Bheadh iarmhairtí tromchúiseacha ag scor den scéim ar shlándáil an tsoláthair bia ar fud an domhain.

Is iad na **tíortha ísealioncaim agus meánioncaim**, go háirithe, a bhíonn thíos leis na margaí dochta leasacháin. In 2022, **tá 222 mhilliún duine ann i 53 thír atá thíos go mór le neamhshlándáil an tsoláthair bia** agus a bhfuil cúnamh práinneach de dhíth


[1] Féach Iarscríbhinn 1 a ghabhann leis an Teachtaireacht seo chun míniú gairid a fháil ar na próisis bhitheolaíocha agus cheimiceacha is bun le hoibriú agus tionchar leasachán.

[2] Féach an 23 Márta 2022, Teachtaireacht ón gCoimisiún, 'Slándáil an tsoláthair bia a chosaint agus athléimneacht na gcóras bia a threisiú' COM(2022) 133 final.

orthu, an leibhéal is airde riamh. I measc na dtíortha is mó atá buailte tá an tSomáil, an Afganastáin, an Aetóip, an Nigéir, an tSúdáin Theas agus Éimin, agus réigiún Mheiriceá Theas freisin.

Cé go mbraitheann táirgeadh inmharthana bia ar níos mó ná leasacháin, is mar gheall ar **an tionchar gearrthéarmach a d'fhéadfadh a bheith ag ganntanais leasacháin ar tháirgeacht talmhaíochta** go bhfuil an staid reatha thar a bheith criticiúil. Is é níos lú bia an toradh a bhíonn ar tháirgeacht níos ísle. Tá rabhadh tugtha ag na Náisiúin Aontaithe faoi ghéarchéim dhomhanda leasacháin, a thugann le fios go bhféadfadh sé táirgeadh bia a chur i mbaol sna blianta amach romhainn, rud a chuireann isteach ar thíortha nach bhfuil an spás fioscach acu chun cláir thacaíochta a reáchtáil chun inacmhainneacht leasacháin a chothú.

Figiúr 1: Glantrádáil leasachán arna sloinneadh i milliún tona cothaitheach




Foinse FAOSTAT[3]

Is é praghas ard an gháis nádúrtha is cúis leis an nganntanas domhanda leasachán, rud atá riachtanach chun leasacháin nítrigine a tháirgeadh[4]. **Tá tionscal tábhachtach leasacháin**

---

[3] Is iad na comhiomláin gheografacha na comhiomláin sin tógtha as comhiomláin FAOSTAT.

[4] Mínítear staid agus meicnic an mhargaidh leasacháin san Aontas Eorpach agus ar fud an domhain go hachomair in Iarscríbhinn 2 a ghabhann leis an Teachtaireacht seo.


**ag an Eoraip** ach tá sí ag brath ar allmhairí gáis nádúrtha agus ar allmhairí fosfáití agus potaise chomh maith[5]. I samhradh 2022, ba é gás ba chúis le suas le 90 % de chostas táirgthe athraitheach an táirgthe amóinia san Aontas (táirge idirmheánach do leasacháin nítrigine is ea an t-amóinia). I mí Lúnasa 2022 nuair a bhuail praghsanna gáis buaicphointe, dhún an tionscal 70 % dá acmhainneacht táirgthe amóinia toisc go raibh táirgeadh tar éis éirí neamhbhrabúsach. Tá comharthaí ann go bhfuil an úsáid acmhainne atá ann faoi láthair ag 50 %. Má thiteann praghsanna gáis a thuilleadh, is féidir coinne a bheith leis go dtiocfaidh méadú breise ar úsáid. Mar gheall ar an laghdú ar tháirgeadh san Aontas, is lú onnmhairí an Aontais chuig tíortha nach bhfuil san Aontas. Tháinig laghdú 9 % ar onnmhairí idirmheánacha nítrigine agus leasachán agus tháinig méadú 19 % ar allmhairí sa chéad 8 mí den bhliain seo.

Cé go bhfuil leasacháin fós ar fáil san Aontas, is dúshlán é a n-inacmhainneacht d'fheirmeoirí (ardú 149 % ar phraghsanna i mí Mheán Fómhair 2022 ar bhonn bliain go bliain i gcás leasacháin nítrigine), go háirithe ós rud é go bhfuil méadú mór tagtha ar phraghsanna ionchur eile (fuinneamh) chomh maith. Bíonn tionchar ag praghsanna arda leasacháin ar chinntí ceannaigh agus plandála feirmeoirí agus, dá réir sin, d'fhéadfadh tionchar a bheith aige sin ar fhómhar an chéad séasúir eile agus ar an **méid a chuireann an tAontas le hinfhaighteacht agus inacmhainneacht bia ar fud an domhain.**

Leis na bearta atá á gcur i bhfeidhm ag an Aontas chun **praghsanna arda fuinnimh a mhaolú**, cuirfear feabhas ar dhálaí le haghaidh an tionscail leasacháin. Ach tá gá le gníomhaíocht níos láithrí agus níos spriocdhírithe. Leis na gníomhaíochtaí gearrthéarmacha atá beartaithe anseo, ba cheart go maolódh na deacrachtaí atá roimh fheirmeoirí agus táirgeoirí leasacháin an Aontais agus ba cheart go gcuirfí sprioc straitéiseach an Aontais maidir leis **an spleáchas ar allmhairí ón Rúis a laghdú** chun cinn tríd an táirgeadh a éagsúlú agus trí shlabhraí soláthair iontaofa a dhaingniú. Ar fud an domhain, ní mór rannpháirtíocht an Aontais sa chomhrac i gcoinne neamhshlándáil an tsoláthair bia a neartú a thuilleadh.

[5] Is iad na príomh-mhacrachothaithigh a úsáidtear i dtáirgeadh leasacháin nítrigin, fosfar agus potaisiam.

Figiúr 2: Innéacs praghsanna leasachán domhanda agus tráchtearraí bia (Innéacs 100=2010)




Foinse: An Banc Domhanda

Tá cuspóir straitéiseach foriomlán an Aontais sainithe i gcónaí leis na spriocanna a leagtar síos sa **Straitéis 'Ón bhFeirm go dtí an Forc'**. Léiríonn an fhianaise nach n-úsáidtear leasacháin i gceart i gcónaí. Is iad **caillteanas cothaitheach** is cúis le suas le 50-60 % den mhéid a chuirtear i bhfeidhm ar pháirceanna i réigiúin áirithe agus is léiriú iad ar ró-úsáid leasachán in aghaidh an heicteáir de thalamh curaíochta i roinnt mhaith áiteanna san Aontas, agus is beag an gnóthachan toraidh follasach atá ann. Dá bhrí sin, is féidir sprioc na Straitéise 'Ón bhFeirm go dtí an Forc' chun caillteanas cothaitheach a laghdú 50 % faoi 2030 agus torthúlacht na hithreach a chaomhnú an tráth céanna a bhaint amach.

Sa ghearrthéarma, áfach, agus i bhfianaise na n-éiginnteachtaí geopholaitiúla, ba cheart gach iarracht réasúnta a dhéanamh ionas nach gcuirfear isteach ar **rannchuidiú leanúnach an Aontais le hinfhaighteacht agus inacmhainneacht bia**. Ní mór dúinn a áirithiú go gcuirfear smachtbhannaí an Aontais i gcoinne na Rúise chun feidhme mar a bhí beartaithe, rud a chumasóidh idirthuras agus sreabhadh leasachán lena n-úsáid ag feirmeoirí san Aontas agus níos faide i gcéin. Is é atá i gceist le dlús a chur leis an aistriú chuig **táirgeadh inbhuanaithe bia agus teicneolaíochtaí nuálacha** réiteach struchtúrach an Aontais chun infhaighteacht agus inacmhainneacht bia a áirithiú agus sláinte ár gcomhshaoil agus ár bpláinéid a chosaint.

Tríd an Teachtaireacht seo, cuireann an Coimisiún na **gníomhaíochtaí intíre** seo a leanas i láthair:

- Cuireann an Coimisiún i dtreis go bhféadfaidh na Ballstáit tosaíocht a thabhairt do **rochtain leanúnach gan bhriseadh ar ghás nádúrtha** do tháirgeoirí leasacháin ina bpleananna éigeandála náisiúnta i gcás ciondáil gáis , i gcomhréir leis an Teachtaireacht ón gCoimisiún 'Coigil Gás le haghaidh Geimhreadh Sábháilte'.
- Leis an **gCreat Sealadach Géarchéime leasaithe um Státchabhair**, is féidir tacaíocht shonrach a thabhairt d'fheirmeoirí agus do tháirgeoirí leasacháin. Trí bhíthin an dara leasú ar an gcreat an 28 Deireadh Fómhair 2022, mhéadaigh an Coimisiún na huasteorainneacha a leagtar amach do mhéideanna teoranta cabhrach d'fheirmeoirí agus mhéadaigh sé solúbthacht agus deiseanna tacaíochta do chuideachtaí a ndéanann costais fuinnimh atá ag ardú difear dóibh, amhail táirgeoirí leasacháin, faoi réir coimircí. D'fhéadfaí an chabhair spriocdhírithe sin a leathnú de bhreis ar an sciar íseal cabhrach atá ceadaithe don earnáil faoi láthair. D'fhéadfadh údaráis phoiblí, mar shampla, leasacháin a cheannach agus iad a thairiscint d'fheirmeoirí ar phraghsanna níos ísle.
- Féadfar cistí arna nginiúint ag bearta amhail an **uasteorainn ar ioncaim mhargaidh** de chuid gineadóirí leictreachais áirithe agus **an ranníocaíocht dlúthpháirtíochta** dá bhforáiltear faoi reachtaíocht an Aontais a úsáid freisin, faoi réir na gcoinníollacha is infheidhme, chun críocha scéimeanna tacaíochta náisiúnta.
- Scrúdóidh an Coimisiún, in éineacht leis na Ballstáit, an luas a bhaineann le húsáid a bhaint as an **gcúlchiste talmhaíochta** ar fiú EUR 450 milliún é don bhliain airgeadais 2023 d'fheirmeoirí a ndéanann costais arda ionchur difear

- Scrúdóidh an Coimisiún agus pléifidh sé leis na Ballstáit an úsáid is fearr is féidir a bhaint as **Pleananna Straitéiseacha CBT** chun aghaidh a thabhairt ar chúrsaí leasacháin. Ba cheart bearta maidir le leasúchán inbhuanaithe a chur chun feidhme ar bhealach luathaithe. Molann an Coimisiún do na Ballstáit a áirithiú go gcuideoidh athbhreithnithe ar a bpleananna - i gcás nach bhfuil siad clársceidealaithe go leordhóthanach faoi láthair - le feirmeoirí úsáid níos éifeachtúla agus níos inbhuanaithe a bhaint as leasacháin. Cuirfidh an Coimisiún fáilte roimh na leasuithe sin agus tacóidh sé leo agus áiritheoidh sé go laghdóidh na hidirghabhálacha sin caillteanais cothaitheach atá díobhálach don chomhshaol agus go gcoiscfear iad.
- Déanfaidh an Coimisiún bearta chun feabhas a chur ar **thrédhearcacht an mhargaidh** i margadh leasacháin an Aontais trí fhaireachlann mhargaidh nua, a bhunófar in 2023, agus trí chomhairliúcháin rialta le páirtithe leasmhara a eagrú faoi chuimsiú shainghrúpa an tSásra Eorpaigh um Shlándáil Bia agus Géarchéim (EFSCM).
- Mar iarracht chun **neamhspleáchas straitéiseach oscailte** an Aontais a chur chun cinn mar dheis don Aontas slándáil a sholáthair bia a áirithiú agus ardchaighdeáin inbhuanaitheachta a leagan síos, cuirfidh an Coimisiún na bearta seo a leanas chun cinn a mhéid a bhaineann le leasacháin:
    - rochtain níos fearr ar **leasacháin orgánacha** agus ar chothaithigh ó shruthanna dramhaíola athchúrsáilte, go háirithe i réigiúin nach bhfuil ach beagán úsáide á baint as leasacháin orgánacha.
    - tacaíocht maidir le tionscal leasacháin nítrigine na hEorpa a thiontú go tionscal atá bunaithe ar **amóinia a tháirgtear trí úsáid hidrigine in-athnuaite agus saor ó iontaise**.
    - a áirithiú go mbeidh timpeallacht rialála chobhsaí agus inoibrithe ann lena rialófar táirgeadh **hidrigine in-athnuaite agus ísealcharbóin**, lena n-áiritheofar, ar an gcaoi sin, gur féidir le margadh do leasacháin atá bunaithe ar hidrigin in-athnuaite agus ísealcharbóin forbairt go tapa.
    - tacaíocht **d'éagsúlú allmhairí** chun spleáchas ar an Rúis a laghdú.
    - dúshlán nua ón **gComhairle Nuálaíochta Eorpach** maidir le talmhaíocht athléimneach a sheoladh in 2023.
- Glacfaidh an Coimisiún **Plean Gníomhaíochta um Bainistiú Comhtháite Cothaitheach** sa chéad ráithe de 2023 arb é is aidhm dó gníomhaíocht a dhéanamh ar leibhéal an Aontais agus ar an leibhéal náisiúnta chun úsáid níos

**Sa réimse idirnáisiúnta**, déanfaidh an Coimisiún an méid seo a leanas:

- leanúint de bheith ag obair leis na Ballstáit agus leis na hInstitiúidí Airgeadais Eorpacha, trí chur chuige Fhoireann na hEorpa chun rannchuidiú leis na ceithre shraith den **Fhreagairt ar Neamhshlándáil Dhomhanda an tSoláthair Bhia (Dlúthpháirtíocht, Táirgeadh, Trádáil agus Iltaobhachas)**.
- leanúint de bheith ag obair leis na Ballstáit, leis an Úcráin, leis an Moldóiv agus le páirtithe leasmhara ábhartha chun cur le hacmhainneacht na Lánaí Dlúthpháirtíochta idir an tAontas Eorpach agus an Úcráin.
- **comhoibriú le tíortha comhpháirtíochta roghnaithe de chuid an Aontais**, lena n-áirítear tríd an Dúshlán Domhanda Leasachán, chun a spleáchas ar leasacháin mhianracha allmhairithe, agus a dtomhaltas leasachán mianrach allmhairithe, a laghdú trí **chleachtais feirmeoireachta éifeachtacha agus inbhuanaithe a úsáid**, agus trí roghanna malartacha atá bunaithe ar bhainistiú inbhuanaithe torthúlachta ithreach.
- feabhas a chur ar thrédhearcacht margaidh dhomhanda maidir le leasacháin, trí rannchuidiú le tionscnaimh idirnáisiúnta ábhartha maidir le leasacháin, go háirithe **Córas Faisnéise an Mhargaidh Talmhaíochta (AMIS)** de chuid an G20.
- leanúint de bheith ag obair le gníomhaireachtaí na Náisiún Aontaithe agus le hInstitiúidí Idirnáisiúnta Airgeadais chun aghaidh a thabhairt, **i bhfóraim dhéthaobhacha agus iltaobhacha**, ar shaincheisteanna na hinfhaighteachta leasachán agus na hinacmhainneachta leasachán agus chun rannchuidiú le réitigh iltaobhacha inbhuanaithe.
- dlús a chur leis an tacaíocht **chun aghaidh a thabhairt ar riachtanais chomhardú na n-íocaíochtaí** lena n-áirítear trí Iontaobhas Laghdaithe Bochtaineachta agus Fáis de chuid CAI, agus comhar le hinstitiúidí fioscacha neamhspleácha a threisiú faoin Tairseach Dhomhanda chun infheistíochtaí nuálacha agus inbhuanaithe a fhorbairt.
- tús a chur le plé maidir le feabhas a chur ar an trédhearcacht, lena n-áirítear **seachaint srianta ar onnmhairiú trádála leasacháin** in **EDT**, d’fhonn na gealltanais a tugadh faoin dearbhú maidir le neamhshlándáil an tsoláthair bia a comhaontaíodh ag an gComhdháil Aireachta dheireanach a chomhlíonadh.
- leanúint de bheith ag obair leis na Ballstáit chun a áirithiú go mbeidh an **trádáil dhomhanda i dtáirgí agraibhia, lena n-áirítear leasacháin**, in ann leanúint ar aghaidh go réidh.
- **dlús a chur lena chuid oibre maidir le cumarsáid chomhpháirteach agus for-rochtain taidhleoireachta** chun aird a tharraingt ar fhreagairt Fhoireann na hEorpa ar neamhshlándáil an tsoláthair bia, agus chun an fhreagairt sin a chomhdhlúthú, agus chun bréagaisnéis na Rúise a chomhrac. Leanfaidh an tAontas d’fhaireachán a dhéanamh ar ionramháil faisnéise na Rúise, agus de chur i gcoinne a hionramháil faisnéise, lena n-áirítear trí chainéil phoiblí an Aontais, amhail EUvsDisinfo, agus leanfaidh sé de bheith ag obair le comhpháirtithe atá ar aon intinn leo, go háirithe laistigh de G7 agus ECAT.

## 2. INFHAIGHTEACHT AGUS INACMHAINNEACHT LEASACHÁN SAN AONTAS A ÁIRITHIÚ

### 2.1. Faireachán margaidh

Ón uair a tháinig méadú ar phraghsanna na n-ionchur talmhaíochta in 2021, tá an margadh leasacháin ar chlár oibre chruinnithe an Choimisiúin le páirtithe leasmhara agus leis na Ballstáit, lena n-áirítear sa Sásra Eorpach um Ullmhacht agus Freagairt i gcás Géarchéim Slándála Bia (EFSCM) agus i gcruinnithe an ghrúpa saineolaithe maidir le táirgí leasacháin.

Ní ann do shonraí maidir le stoic atá i seilbh an tionscail leasacháin agus/nó ag feirmeoirí agus a n-eagraíochtaí táirgeoirí. Cuirfidh an Coimisiún feabhas ar thrédhearcacht an mhargaidh trí **fhaireachlann do mhargaí leasacháin** san Aontas Eorpach agus scrúdóidh sé bealaí chun níos mó sonraí fíor-ama a fháil ó na Ballstáit agus ó pháirtithe leasmhara.

### 2.2. An Comhbheartas Talmhaíochta (CBT) agus Pleananna Straitéiseacha CBT na mBallstát

Faoi CBT nua, tá tacaíocht airgeadais ar fáil go forleathan d'fheirmeoirí d'fhonn **a n-úsáid leasacháin a bharrfheabhsú**, rud a chuirfidh ar a gcumas tairbhí comhshaoil, aeráide agus eacnamaíocha a bhaint amach. Léirítear le dea-chleachtais sna Ballstáit gur féidir, le héifeachtúlacht úsáide nítrigine níos fearr, úsáid leasacháin a laghdú agus an táirgeacht a choinneáil nó fiú a mhéadú an tráth céanna, chomh maith le tionchar dearfach a imirt ar thorthúlacht fhoriomlán na hithreach[6]. An tráth céanna, le héifeachtúlacht mhéadaithe san Aontas, laghdófar an gá atá le leasacháin, rud a laghdóidh an teannas sa mhargadh domhanda.

Leis an **ailtireacht ghlas nua**, comhcheanglaítear coinníollacht fheabhsaithe (GAECanna agus SMRanna) chun sláinte agus torthúlacht na hithreach a chosaint agus a fheabhsú[7] le bearta deonacha a cheap na Ballstáit chun tacú le feirmeoirí de bhreis ar na híoscheanglais, lena n-áirítear i réimse an bhainistithe cothaitheach. Áirítear ar na bearta deonacha d'fheirmeoirí idirghabhálacha amhail **éiciscéimeanna, gealltanais agra-**

---

6 Sa chomhthéacs sin, leis an togra le haghaidh an Dlí maidir le Sláinte Ithreach in 2023, soláthrófar freagairtí spriocdhírithe meántéarmacha/fadtéarmacha breise ar shaincheist na hithreach torthúla le haghaidh slándáil bia san Aontas.

7 Tá GAECanna (Dea-Riochtaí Talmhaíochta agus Comhshaoil) agus SMRanna (Ceanglais Reachtúla Bhainistíochta) atá ábhartha i réimse na gcothaitheach i gcomhréir leis na hoibleagáidí a eascraíonn ón Treoir maidir le Níotráití (SMR 2), stráicí maolánacha a chur feadh uiscebhealaí (GAEC 4), bearta chun creimeadh ithreach a sheachaint agus cumhdach íosta ithreach a áirithiú (GAECanna 5 agus 6) agus uainíocht na mbarr (GAEC 7).

**chomhshaoil agus gealltanais bainistíochta aeráide**. Leis na Pleananna Straitéiseacha CBT uile, tugtar aghaidh ar éifeachtúlacht úsáide cothaitheach trí ghníomhaíochtaí éagsúla:

– Le hidirghabhálacha, dreasaítear **éagsúlú barr agus uainíocht fheabhsaithe trí bharra próitéine a chuimsiú**. Le pleananna CBT, tacaítear freisin le **'barra breise'**[8] lena méadaítear leasachán glas agus **ábhar orgánach san ithir** nó gealltanais chun an cumhdach ithreach a mhéadú de bhreis ar na híoscheanglais.

– Le Pleananna Straitéiseacha CBT, tacaítear le **pleananna bainistithe cothaitheach** a ghlacadh ar bhonn níos leithne - lasmuigh de na limistéir ina bhfuil siad éigeantach cheana féin faoin Treoir maidir le Níotráití - ar pleananna iad lena méadaítear éifeachtúlacht úsáide.

– Tacaítear le **talmhaíocht bheacht, feirmeoireacht orgánach agus agra-éiceolaíocht** faoi na pleananna i bhfoirm gealltanais bhainistíochta agus infheistíochtaí in innealra nua, cleachtais lena n-éilítear úsáid níos lú leasachán agus rochtain níos fearr ar chomhairle agus ar oiliúint[9].

– Le Pleananna Straitéiseacha CBT, tacaítear le **leasacháin orgánacha a chur in ionad leasacháin mhianracha go páirteach** amhail aoileach, sloda séarachais agus bithdhramhaíl, ó phróisis mheatánaithe nó ó chóireálacha bitheolaíocha agus teirmeacha, agus áirithítear leo an tráth céanna nach mbeidh caillteanas cothaitheach níos airde mar thoradh air sin.

Sa chaibidlíocht as ar tháinig glacadh Pleananna Straitéiseacha CBT, ghríosaigh an Coimisiún na Ballstáit bearta a chur san áireamh ina bpleananna maidir le cleachtais lena mbaintear an leas is fearr is féidir as leasacháin. A luaithe a ghlacfar na pleananna go léir, **áiritheoidh sé go ndéanfar obair leantach ar na hidirghabhálacha atá beartaithe agus go gcuirfear chun feidhme iad.** Spreagfaidh sé na Ballstáit **glacadh níos leithne na mbeart sin** ag feirmeoirí a chur chun cinn. Iarrfaidh an Coimisiún ar na Ballstáit breathnú ar thuilleadh tosaíochta a thabhairt do na hidirghabhálacha sin, agus uaillmhian na n-idirghabhálacha sin a mhéadú, in **athbhreithnithe a dhéanfar amach anseo ar a bPleananna Straitéiseacha CBT**. Go sonrach, **iarrann an Coimisiún ar na Ballstáit dlús a chur le leathadh amach na hUirlise Inbhuanaitheachta Feirme i ndáil le Cothaithigh (FAsT)** agus le glacadh na huirlise sin ag feirmeoirí[10].

---

8 Tógann barra breise barrachas nítrigine isteach ó leasachán an bharra a bhí ann roimhe sin, rud a chuireann cosc air a bheith caillte trí láisteadh.

9 Áirítear infheistíochtaí i ndáil le feirmeoireacht bheacht go sainráite i 24 dhréachtphlean.

10 Leis an Uirlis Inbhuanaitheachta Feirme i ndáil le Cothaithigh, cuirtear ar chumas feirmeoirí an úsáid is fearr is féidir a bhaint as leasacháin a mhéid a bhaineann le huainiú, méideanna agus cur.

### 2.3. Bearta eisceachtúla agus an cúlchiste talmhaíochta

I mí an Mhárta 2022, ghlac an Coimisiún **pacáiste tacaíochta eisceachtúil** ar fiú EUR 500 milliún é chun tacú leis na táirgeoirí is mó atá thíos le hiarmhairtí tromchúiseacha an chogaidh san Úcráin. Baineadh úsáid as cistí faoi chúlchiste géarchéime CBT chun na críche sin. Ar an mbonn sin, tá tacaíocht airgeadais EUR 492 milliún curtha ar fáil ag na Ballstáit lena dtugtar tús áite d'fheirmeoirí atá i mbun cleachtais inbhuanaithe agus is measa atá thíos leis an ngéarchéim.

Faoin **gcúlchiste talmhaíochta** de chuid CBT athchóirithe, beidh EUR 450 milliún ar fáil in 2023 le haghaidh bearta idirghabhála poiblí agus stórála chun margaí talmhaíochta a chobhsú nó le haghaidh bearta eisceachtúla a d'fhreagródh do bhagairtí suaite sa mhargadh, do rioscaí sláinte, nó d'éigeandálaí eile mar a leagtar síos sa Rialachán maidir le Comheagrú na Margaí. Breathnóidh an Coimisiún, i gcomhar leis na Ballstáit, ar an luas a bhaineann le bearta eisceachtúla a chur i bhfeidhm faoin gcúlchiste talmhaíochta chun suaití sa mhargadh a chosc, ar suaití iad a d'eascródh as an tionchar a bheadh ag margadh leasacháin daingean ar tháirgeacht fheirmeoirí an Aontais.

### 2.4. Creat Sealadach Géarchéime um Státchabhair mar chainéal le haghaidh cúnamh airgeadais

Leis an **gCreat Sealadach Géarchéime um Státchabhair** ('Creat') cuirtear ar chumas na mBallstát úsáid a bhaint as an tsolúbthacht dá bhforáiltear faoi na rialacha maidir le Státchabhair agus cuirtear ar a gcumas tacaíocht a thabhairt, i measc táirgeoirí eile, do tháirgeoirí talmhaíochta príomhúla, lena n-áirítear a mhéid a bhaineann lena gceannach leasachán, agus do tháirgeoirí leasacháin. Féadfaidh na Ballstáit cabhair a dheonú chun cuid den mhéadú a tháinig le déanaí ar chostais gáis agus leictreachais do chuideachtaí a chumhdach, lena n-áirítear, mar shampla, talmhaíocht phríomhúil agus monaróirí leasachán, faoi réir coimircí.

Idir mí an Mhárta agus mí Mheán Fómhair 2022, d'fhormheas an Coimisiún 18 **scéim chabhrach talmhaíochta** a bhfuil buiséad iomlán de thart ar EUR 3.5 billiún acu faoin gCreat. Tá trí cinn de na scéimeanna tiomnaithe do cheannach leasachán ag feirmeoirí (buiséad iomlán EUR 855 milliún). Roghnaigh formhór na mBallstát bratscéimeanna a bheadh ar oscailt do gach earnáil den gheilleagar (EUR 455 bhilliún i mí Mheán Fómhair 2022). Roghnaigh roinnt Ballstát scéimeanna státchabhrach tiomnaithe chun tacú le cuideachtaí dianfhuinnimh.

An 28 Deireadh Fómhair 2022, **rinneadh an Creat a choigeartú** de réir riachtanais na mBallstát chun tacú leis na cuideachtaí dianfhuinnimh is mó atá buailte ag an ngéarchéim, lena n-áirítear táirgeoirí leasacháin. Féadfaidh táirgeoirí leasacháin, mar earnáil atá buailte go trom, má chomhlíonann siad na critéir incháilitheachta, tairbhe a

bhaint as déine cabhrach agus méideanna cabhrach níos airde suas le EUR 150 milliún[11]. I gcás cuideachtaí a fhaigheann méideanna cabhrach níos mó, foráiltear leis an gCreat Sealadach Géarchéime gealltanais chun bealach a shocrú i dtreo lorg carbóin an tomhaltais fuinnimh a laghdú agus bearta éifeachtúlachta fuinnimh a chur chun feidhme. Chomh maith leis sin, méadaíodh an uasteorainn don uasmhéid cabhrach don talmhaíocht phríomhúil (feirmeoirí), rud a chuireann ar chumas na mBallstát tacú le feirmeoirí leasacháin a cheannach más gá.

Is féidir le tacaíocht stáit a bheith i bhfoirmeacha éagsúla sa bhreis ar bhearta Státchabhrach. Is féidir le húdaráis phoiblí, mar shampla, leasacháin a cheannach ar phraghsanna margaidh níos iomaíche (i bhfianaise a gcumhachta margála) agus iad a thairiscint ar phraghsanna níos ísle d'fheirmeoirí (bheadh gné den Státchabhair ann sin), faoi réir theorainneacha infheidhme an Chreata. D'fhéadfadh na Ballstáit a áirithiú freisin go ndáilfear leasacháin ar fheirmeoirí ar bhealach réasúnach agus neamh-idirdhealaitheach, go háirithe i gcás ciondáil gáis a d'fhéadfadh a bheith riachtanach.

## 2.5. Cistiú eile ón Aontais

De bhua uasteorainn ar na hioncaim mhargaidh ó ghineadóirí leictreachais áirithe agus na ranníocaíochta dlúthpháirtíochta[12], d'fhéadfadh cistí a bheith ag na Ballstáit **ar féidir leo inter alia iad a atreorú tríd an gCreat i dtreo dianúsáideoirí fuinnimh amhail feirmeoirí nó táirgeoirí leasacháin** (suas le EUR 140 billiún measta) chun tacú le cuideachtaí i dtionscail dianfhuinnimh ar choinníoll go n-úsáidtear na cistí sin le haghaidh infheistíochtaí i bhfuinneamh in-athnuaite, in éifeachtúlacht fuinnimh nó i dteicneolaíochtaí eile dícharbónaithe. Leis na bearta spriocdhírithe eisceachtúla a moladh le déanaí (SAFE - Tacú le Fuinneamh Inacmhainne) faoi rialacha an **Bheartais Chomhtháthaithe** 2014-2020, bheadh na húdaráis náisiúnta in ann rogha a dhéanamh suas le EUR 40 billiún a atreorú chun tacú le FBManna, oibrithe agus teaghlaigh leochaileacha chun déileáil leis na praghsanna fuinnimh atá ag méadú. Ina theannta sin, spreagann an Coimisiún na Ballstáit tús áite a thabhairt do bhearta lena ndírítear ar inacmhainneacht leasacháin agus, ar an gcaoi sin, lena neartaítear slándáil an tsoláthair bia.

I bhfianaise na héigeandála fuinnimh atá ann faoi láthair, mhol an Coimisiún leasuithe spriocdhírithe a dhéanamh ar Rialachán na Saoráide Téarnaimh agus Athléimneachta (RRF) chun caibidlí tiomnaithe REPowerEU a chomhtháthú, ar féidir leis na Ballstáit iad a chur leis na pleananna téarnaimh agus athléimneachta (RRPanna) atá acu cheana. Tá treoir eisithe ag an gCoimisiún freisin do na Ballstáit maidir le conas a gcuid RRPanna a mhodhnú agus a chomhlánú le caibidlí tiomnaithe REPowerEU, ar cheart dóibh díriú ar

---

[11] Teachtaireacht ón gCoimisiún, 'Creat Sealadach Géarchéime le haghaidh bearta Státchabhrach chun tacú leis an ngeilleagar tar éis ionsaí na Rúise i gcoinne na hÚcráine', C(2022) 7945 final.

[12] Rialachán (AE) 2022/1854 ón gComhairle an 6 Deireadh Fómhair 2022 maidir le hidirghabháil éigeandála chun aghaidh a thabhairt ar phraghsanna arda fuinnimh.

choigilteas fuinnimh, éagsúlú soláthairtí fuinnimh, agus leathadh amach luathaithe an fhuinnimh in-athnuaite chun teacht in ionad breoslaí iontaise i dtithe, i dtionscal agus i nginiúint cumhachta. Agus athbhreithniú á dhéanamh acu ar a bpleananna, d'fhéadfadh na Ballstáit tacaíocht do tháirgeadh inbhuanaithe leasachán a chomhtháthú mar chuid den éagsúlú sin, agus lánurraim á tabhairt don phrionsabal 'gan dochar suntasach a dhéanamh'[13].

Faoin gclár **Fís Eorpach**[14], slógtar infheistíochtaí spriocdhírithe ag a bhfuil méid thart ar EUR 9 mbilliún do thréimhse Chreata Airgeadais Ilbhliantúil reatha 2021-2027, atá tiomnaithe do chláir oibre, comhpháirtíochtaí, agus misin Bhraisle 6 a bhaineann le Bia, leis an mBithgheilleagar, le hAcmhainní Nádúrtha, leis an Talmhaíocht agus leis an gComhshaol. Sa chéad 2 bhliain den chlár Fís Eorpach, meastar go mbaineann breis agus 35 thionscadal a bhfuil buiséad thart ar EUR 180 milliún acu le leasacháin sa talmhaíocht, lena n-áirítear tionscadail maidir le barrfheabhsú an bhuiséid cothaitheach, táirgí malartacha leasacháin, agus réitigh nádúrbhunaithe agus agrai-éiceolaíocha maidir le bainistiú cothaitheach. Deonaítear cistiú freisin faoin Misean 'Comhaontú um Ithir don Eoraip'. Ar cheann de na cuspóirí sonracha atá aige tá truailliú ithreach a laghdú, ag díriú ar ghníomhaíocht lena laghdaítear úsáid leasacháin agus caillteanas cothaitheach.

In 2023, seolfaidh an Coimisiún dúshlán nua ón gComhairle Nuálaíochta Eorpach maidir le talmhaíocht athléimneach le buiséad EUR 65 mhilliún chun tacú le gnólachtaí nuathionscanta teicneolaíochta talmhaíochta chun nuálaíochtaí teicneolaíochta doimhne a fhorbairt go tapa chun táirgeacht barr a choinneáil agus a fheabhsú le teicneolaíochtaí atá neamhdhíobhálach don chomhshaol, go háirithe i réimse an leasúcháin.

Leis an **gCiste Nuálaíochta de chuid an Chórais Trádála Astaíochtaí (ETS)** cuirtear maoiniú ar fáil freisin do thionscadail taispeántais nuálacha lena rannchuidítear le cuspóirí an gheilleagair chiorclaigh agus atá nasctha le hathshlánú ábhar as dramhaíl agus as fuíolluisce amhail, inter alia, cothaithigh.

### 2.6. Leasacháin orgánacha

Is cuid den réiteach chun **spleáchas an Aontais ar ghás a laghdú** é leasacháin orgánacha a chur in ionad leasacháin mhianracha agus cuirtear chun cinn é freisin trí

[13] 12 Feabhra 2021, Fógra ón gCoimisiún, 'Treoir Theicniúil maidir le Gan Dochar Suntasach a Dhéanamh', (2021/C58/01).

[14] Rialachán (AE) Uimh. 2021/695 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 28 Aibreán 2021 lena mbunaítear Fís Eorpach – an Clár Réime um Thaighde agus um Nuálaíocht, lena leagtar síos a rialacha maidir le rannpháirtíocht agus scaipeadh, agus lena n- aisghairtear Rialacháin (AE) Uimh. 1290/2013 agus (AE) Uimh. 1291/2013.

sprioc orgánach an Aontais (25 % den talamh talmhaíochta faoi 2030[15]). Leis sin, cuideofar le lorg carbóin leasachán a laghdú.

Ó mhí Iúil 2022, tá an **Rialachán maidir le Táirgí Leasacháin**[16] (FPR) tar éis an margadh aonair a oscailt, go háirithe do leasacháin a dhéantar as dramhaíl agus seachtháirgí aisghafa atá ar fáil san Aontas. Leis sin, cuirtear chun cinn **roghanna malartacha glasa agus ciorclacha** ar ghás nádúrtha agus amhábhair a bhaintear as mianaigh le haghaidh táirgeadh leasacháin. Le táirgí leasacháin speisialtachta an Aontais amhail leasacháin choiscthe, leasacháin scaoilte rialaithe agus bithspreagthaigh planda, méadófar éifeachtúlacht úsáide agus, dá bhrí sin, laghdófar an méid leasachán is gá le haghaidh torthaí barrfheabhsaithe. An sainmhíniú atá le teacht ar chríochphointí sa slabhra monaraíochta faoin Rialachán maidir le seachtháirgí ainmhithe - réamhchoinníoll don rochtain ar an margadh arna dheonú ag FPR - dul chun cinn tábhachtach breise a bheidh ann.

Trí mhodhanna a fhorbairt chun **athchúrsáil éifeachtach cothaitheach i ndramhaíl orgánach** (e.g. aoileach beostoic, díleá anaeróbach, sloda agus sruthanna dramhaíola orgánaí eile) a leathnú chuig táirgí leasacháin bithbhunaithe in-athnuaite, rannchuidítear le cuspóirí na **Straitéise 'Ón bhFeirm go dtí an Forc'**. Gné thábhachtach de sin is ea bithdhramhaíl a scaradh agus a bhailiú. Ní hamháin go bhfuil tairbhí comhshaoil ag baint le húsáid níos fearr a bhaint as dramhaíl orgánach ar bhonn áitiúil, tá tairbhí eacnamaíocha ag baint léi freisin d'fheirmeoirí beostoic agus d'fheirmeoirí a tháirgeann barra curaíochta agus laghdófar léi spleáchas thalmhaíocht na hEorpa ar leasacháin mhianracha ó lasmuigh den Aontas. An 26 Deireadh Fómhair 2022, ghlac an Coimisiún athbhreithniú ar an Treoir maidir le cóireáil fuíolluisce uirbigh[17] lena n-áirítear oibleagáidí níos déine chun cothaithigh a aisghabháil ó fhuíolluisce, ar féidir iad a athúsáid sa talmhaíocht ina dhiaidh sin.

Is féidir le **húsáid aoiligh agus aoiligh phróiseáilte**[18], i gcomhréir leis an Treoir maidir le Níotráití, ról a imirt chun cabhrú le feirmeoirí chun a nochtadh do phraghsanna

[15] Le feirmeoireacht orgánach, ní údaraítear leasacháin shintéiseacha a úsáid.

[16] Rialachán (AE) 2019/1009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 5 Meitheamh 2019 leagtar síos rialacha maidir le táirgí leasacháin an Aontais a chur ar fáil ar an margadh.

[17] Treoir 91/271/CEE ón gComhairle an 21 Bealtaine 1991 maidir le cóireáil fuíolluisce uirbigh.

[18] Is é conclúid JRC 2020, 'Nítrigin aisghafa ó aoileach' - Tograí teicniúla maidir le húsáid shábháilte aoiligh phróiseáilte os cionn na tairsí a bhunaítear le haghaidh Criosanna Leochaileacha ó thaobh Níotráite de leis an tuarascáil ón Airmheán Comhpháirteach Taighde um an Treoir maidir le Níotráití A 2020 (ar a dtugtar 'RENURE') go bhfuil dul chun cinn suntasach déanta maidir le forbairt teicneolaíochtaí lena laghdaítear láisteadh in aoileach próiseáilte. Mar sin féin, is dócha go dtiocfaidh as na teicneolaíochtaí atá ar fáil táirgí lena ngabhann astaíochtaí amóinia níos airde ná leasacháin mhianracha áirithe amhail níotráit chailciam amóiniam (CAN) agus níotráit amóiniam (AN) - cé gur fearr iad ná aoileach agus cé go bhfuil siad cosúil le húiré nó níos ísle ná úiré. Dá bhrí sin, chaithfeadh úsáid táirgí RENURE a bheith faoi réir diancheanglas maidir le cleachtais cur i bhfeidhm, i gcomhréir go hiomlán le critéir na Treorach maidir le Níotráití.

luaineacha leasacháin mhianraigh agus do thimthriallta dlúth cothaitheach a laghdú[19]. Pléifear úsáid chiorclach na bithdhramhaíola mar leasachán i **bPlean Gníomhaíochta an Choimisiúin um Bainistiú Comhtháite Cothaitheach**, a ghlacfar ag tús 2023. Sa chomhthéacs sin, déanfaidh an Coimisiún measúnú freisin ar chéimeanna breise rialála agus neamhrialála chun úsáid níos leithne as cothaithigh aisghafa ó aoileach beostoic a éascú.

### 2.7. Foinsí malartacha soláthair le haghaidh allmhairí agus dleachtanna allmhairiúcháin ar amóinia agus úiré a chur ar fionraí

**Foinsí soláthair leasachán allmhairithe agus táirgí idirmheánacha a éagsúlú** chun a áirithiú gur freagairt phragmatach ar chiorruithe táirgeachta san Aontas, go háirithe i réigiúin ina bhfuil naisc iomchuí le calafoirt, atá san infhaighteacht leasacháin. I ndáil leis an méid sin, le comhaontuithe saorthrádála an Aontais, cuirtear rochtain ar leasacháin ó phríomh-chomhpháirtithe trádála chun cinn. Ní bhaineann sé sin de leas straitéiseach an Aontais in earnáil inmharthana táirgthe leasacháin san Aontas.

Rinne an Coimisiún teagmháil le **soláthróirí malartacha leasachán** chun easnaimh ón Rúis agus ón mBealarúis a chúiteamh. Aithníodh Óman, an Tuircméanastáin agus Catar mar fhoinsí malartacha leasachán nítrigine. Bainfidh geilleagair na dtíortha sin nach bhfuil san Aontas tairbhe as allmhairí den sórt sin trí mhéadú ar an bhfás agus ar an bhfostaíocht. Tá méadú suntasach tagtha ar allmhairí ón Éigipt agus ón Ailgéir (beagnach 20 % agus 40 % faoi seach), agus tá ionchas réalaíoch ann go dtiocfaidh an Éigipt in ionad na Rúise mar phríomhfhoinse allmhairí an Aontais in 2022.

**Baineann dleachtanna Náisiúin Barrfhabhair** 6.5 % le hallmhairí leasachán nítrigine isteach san Aontas[20]. Tá sé molta ag an gCoimisiún na taraifí sin a chur ar fionraí i gcás dhá phríomh-earra idirmheánacha a úsáidtear i dtáirgeadh leasachán nítrigine, i.e. amóinia agus úiré, go dtí deireadh 2024[21]. Leis sin, thabharfaí aghaidh ar ábhair imní a bhaineann le hinfhaighteacht agus inacmhainneacht maidir le soláthar amóinia agus úiré agus chuirfí éagsúlú allmhairí chun cinn. Tá an togra sin á phlé faoi láthair sa Chomhairle. In 2019, tar éis imscrúdú a dhéanamh ar dhumpáil lena ndearnadh díobháil do thionscal an Aontais, d'fhorchuir an Coimisiún **dleachtanna frithdhumpála** ar allmhairí níotráite amóiniam úiré (UAN) ón Rúis, ó Oileán na Tríonóide agus Tobága

---

[19] Treoir ón gComhairle an 12 Nollaig 1991 maidir le huiscí a chosaint ar thruailliú de bharr níotráití ó fhoinsí talmhaíochta. I gcriosanna leochaileacha ó thaobh níotráití de, ní féidir aoileach ná aoileach próiseáilte a úsáid chun teacht in ionad leasachán mianrach ach amháin go dtí na teorainneacha a leagtar síos leis an Treoir maidir le Níotráití (170 kg/ha/bliain) chun tuilleadh truaillithe a sheachaint.

[20] Tá rochtain saor ó dhleacht ar an Aontas ag roinnt tíortha a onnmhairíonn leasacháin amhail Maracó, an Éigipt, an Ailgéir, an Túinéis, Oileán na Tríonóide agus Tobága faoi chomhaontuithe saorthrádála.

[21] 19 Iúil 2022, Togra le haghaidh Rialachán ón gComhairle lena leasaítear Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (CEE) Uimh. 2658/87 maidir leis an ainmníocht taraife agus staidrimh agus leis an gComhtharaif Chustaim, COM(2022) 359.

agus ó na Stáit Aontaithe. An 26 Deireadh Fómhair 2022, chinn an Coimisiún gan iad a chur ar fionraí[22].

### 2.8. Bearta chun slándáil an tsoláthair agus inacmhainneacht gáis a áirithiú

Le bliain anuas, tá bearta cinntitheacha déanta ag an gCoimisiún chun slándáil an tsoláthair gáis a áirithiú agus chun na margaí gáis a chobhsú. An 13 Deireadh Fómhair 2021, d'fhoilsigh an Coimisiún treoir do na Ballstáit ('**Bosca Uirlisí Praghsanna Fuinnimh**') chun aghaidh a thabhairt ar thionchar láithreach na méaduithe ar phraghsanna, agus chun athléimneacht i gcoinne suaití amach anseo a neartú tuilleadh[23].

Le **Plean REPowerEU** an 18 Bealtaine 2022, tugadh isteach bearta chun margaí gáis a dhícharbónú agus chun gás in-athnuaite chomh maith le coigilteas fuinnimh, éagsúlú soláthairtí fuinnimh, agus leathadh amach luathaithe an fhuinnimh in-athnuaite a chur chun cinn chun teorainn a chur leis an tionchar a bhíonn ag suaitheadh sa soláthar agus chun praghsanna fuinnimh a choinneáil faoi smacht.

Sa Teachtaireacht uaidh i mí Iúil 2022 dar teideal **'Coigil gás le haghaidh geimhreadh sábháilte'**[24], threisigh an Coimisiún ullmhacht an Aontais don gheimhreadh seo. Na **bearta laghdaithe éilimh**, mar aon leis na hiarrachtaí a rinneadh faoin Rialachán maidir le Stóráil Gáis chun spriocanna stórála gáis an Aontais a bhaint amach agus a shárú fiú, tá a gcuspóir bainte amach acu. Cé go raibh praghsanna fós ag leibhéil an-ard nach bhfacthas riamh roimhe seo, tá laghdú tagtha orthu i gcomparáid leis an mbuaicleibhéal a bhain siad amach i mí Lúnasa 2022. Thug an Coimisiún treoir do na Ballstáit maidir leis na tionscail a mheastar a bheith criticiúil nó straitéiseach ó thaobh na sochaí de chun beartú tosaíochta a dhéanamh. Aithnítear gur earnáil chriticiúil í earnáil an bhia agus gurb í an earnáil leasacháin a sholáthraíonn **d'earnáil na talmhaíochta atá criticiúil ó thaobh na sochaí de** ar fud an Aontais ar fad. **Cuireann an Coimisiún in iúl go bhféadfaidh na Ballstáit tosaíocht a thabhairt do rochtain leanúnach gan bhriseadh ar ghás nádúrtha** do tháirgeoirí leasacháin i gcás ina ndéantar gás a chiondáil trí bhíthin a bpleananna éigeandála náisiúnta.

Le déanaí, an 18 Deireadh Fómhair 2022, mhol an Coimisiún rialachán éigeandála nua chun aghaidh a thabhairt ar phraghsanna arda gáis san Aontas agus chun slándáil an

[22] Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2022/2070 ón gCoimisiún an 26 Deireadh Fómhair 2022, C/2022/7826.

[23] 13 Deireadh Fómhair 2021, Teachtaireacht ón gCoimisiún, 'Dul i ngleic le praghsanna fuinnimh atá ag ardú: bosca uirlisí le haghaidh gníomhaíochta agus tacaíochta', COM/2021/660 final.

[24] 17 Iúil 2022, Teachtaireacht ón gCoimisiún, 'Coigil gás le haghaidh geimhreadh sábháilte', COM(2022) 360 final.

tsoláthair a áirithiú an geimhreadh seo[25]. Déanfar é sin trí cheannach comhpháirteach gáis, sásraí teorannaithe praghsanna, bearta nua maidir le húsáid thrédhearcach bonneagair agus le dlúthpháirtíocht idir na Ballstáit, agus iarrachtaí leanúnacha chun an t-éileamh ar ghás a laghdú. Leis na bearta nua sin, cuideofar leis an **mbrú praghsanna atá ar shaoránaigh agus ar thionscal na hEorpa a mhaolú a thuilleadh**, agus slándáil an tsoláthair agus margadh inmheánach feidhmiúil á n-áirithiú ag an am céanna.

### 2.9. Táirgeadh glas amóinia agus bithmheatáin a chur chun cinn

A mhéid a bhaineann le leasacháin nítrigine, is teicneolaíocht í **amóinia a tháirgtear trí hidrigin in-athnuaite ísealcharbóin agus hidrigin eile atá saor ó iontaise a úsáid** a bhfuil dóchas ann go laghdófar go mór léi na hastaíochtaí gás ceaptha teasa ón bpróiseas táirgthe leasacháin. Ina theannta sin, le húsáid hidrigine in-athnuaite, chuirfí deireadh le spleáchas an Aontais ar ghás nádúrtha chun leasacháin a tháirgeadh. Cé go bhfuil go leor tionscadal ar mórscála ar siúl, ní bheidh méid suntasach leasachán á dtáirgeadh acu ach ó 2025 ar aghaidh.

Tá dúshláin fós ann maidir le táirgeadh amóinia atá bunaithe ar hidrigin in-athnuaite a mhéadú, lena n-áirítear easpa bonneagair, dlús a chur le nósanna imeachta ceadaithe agus creat rialála atá fós á fhorbairt. Tá roinnt gníomhaíochtaí i bPlean **REPowerEU** chun aghaidh a thabhairt ar na dúshláin sin. De réir mar a thagann ardú ar phraghsanna gáis, tá na tionscadail sin ag éirí inmharthana ó thaobh na tráchtála de i gcomparáid le hamóinia atá bunaithe ar ghás nádúrtha, rud a chuireann dlús le cur in úsáid na dtionscadal sin. Chun cabhrú le borradh a chur faoi gheilleagar hidrigine in-athnuaite an Aontais, cruthóimid Banc Hidrigine Eorpach nua chun EUR 3 bhilliún a infheistiú chun tús a chur le margadh hidrigine san Aontas, lena n-áirítear tríd an soláthar a mheaitseáil leis an éileamh.

Cé is moite den Chreat Sealadach Géarchéime um Státchabhair, rinne an Coimisiún athbhreithniú agus nuachóiriú le déanaí ar a **bhosca uirlisí um Státchabhair**[26], ar féidir leis na Ballstáit é a úsáid chun tacú le tionscal Eorpach na leasachán nítrigine a thiontú go leictreachas in-athnuaite nó hidrigin in-athnuaite, in éineacht le tionscadail áitiúla um aisghabháil cothaitheach ciorclach, má chomhlíontar na coinníollacha ábhartha.

Beidh sé d'aidhm ag an gCoimisiún a áirithiú go mbeidh timpeallacht rialála chobhsaí agus inoibrithe ann lena rialófar táirgeadh hidrigine in-athnuaite agus ísealcharbóin, lena n-áiritheofar, ar an gcaoi sin, gur féidir le margadh do leasacháin atá bunaithe ar hidrigin

---

[25] Togra le haghaidh Rialachán ón gComhairle lena bhfeabhsaítear an dlúthpháirtíocht trí chomhordú níos fearr a dhéanamh ar cheannacháin gháis, trí mhalartuithe gáis thar theorainneacha agus trí thagarmharcanna praghais iontaofa, COM(2022) 549 final.

[26] 18 Feabhra 2022, 'Treoirlínte maidir le Státchabhair don aeráid, do chosaint an chomhshaoil agus don fhuinneamh', C/2022/481; 19 Deireadh Fómhair 2022, 'Creat um Státchabhair don taighde agus don fhorbairt agus don nuálaíocht', C(2022) 7388 final.

in-athnuaite agus ísealcharbóin forbairt go tapa. Foilseoidh an Coimisiún dhá ghníomh tharmligthe go luath faoi Threoir (AE) 2018/2001 lena mbunaítear creat rialála le haghaidh breoslaí in-athnuaite de thionscnamh neamhbhitheolaíoch.

Tá acmhainneacht ionadaíochta a bhfuil gealladh faoi ag **bithmheatán** i ndáil le gás, go háirithe i gcás na gcriosanna nach mbeadh an hidrigin in-athnuaite chomh iomaíoch céanna iontu. Mar a léirítear in REPowerEU, is conair chostéifeachtúil é borradh a chur faoi tháirgeadh inbhuanaithe bithmheatáin go 35 bcm faoi 2030 chun uaillmhian an Aontais maidir le hallmhairí gáis nádúrtha ón Rúis a laghdú a bhaint amach. Leis sin, ní hamháin go gcuirfear fuinneamh in-athnuaite ar fáil agus go gcuirfear borradh faoi ioncam feirmeoirí, ach cruthófar sruth soláthair nua de leasacháin orgánacha freisin. Seoladh an **Chomhpháirtíocht Thionsclaíoch Eorpach maidir le Bithmheatán** an 28 Meán Fómhair 2022, agus tá sé mar sprioc aici 35 bcm de bhithmheatán a tháirgeadh agus a úsáid ar bhonn bliantúil faoi 2030.

Ina theannta sin, breathnóidh an Coimisiún ar bhearta lena gcuideofar le **leasacháin ghlasa a dhéanamh iomaíoch sa mhargadh** le linn an aistrithe chuig geilleagar atá go hiomlán dícharbónaithe.

## 3. INFHAIGHTEACHT AGUS INACMHAINNEACHT LEASACHÁN AR DOMHAN A ÁIRITHIÚ

### 3.1. Tacaíocht ón Aontas do thionscnaimh iltaobhacha agus dhéthaobhacha

Tá freagairt ghasta tugtha ag an Aontas Eorpach ar an suaitheadh sistéamach a d’eascair as fogha na Rúise faoin Úcráin trína fhreagairt Foireann na hEorpa ar Neamhshlándáil Dhomhanda an tSoláthair Bia, lena ngabhann ceithre ghné: (1) Dlúthpháirtíocht, (2) Táirgeadh, (3) Trádáil agus (4) Iltaobhachas. San iomlán, meastar go gcuirfidh an tAontas Eorpach EUR 7.7 billiún ar fáil go dtí 2024 mar thacaíocht do shlándáil dhomhanda an tsoláthair bia agus do chórais bhia inbhuanaithe. Tacaíonn an tAontas, inter alia, le bearta lena bhféachtar le sláinte na hithreach a fheabhsú chomh maith le húsáid níos optamaí agus inbhuanaithe as leasachán.

Aithníonn an Coimisiún an obair a dhéanann an Grúpa Freagartha um Ghéarchéimeanna Domhanda maidir le Bia, Fuinneamh agus Airgeadas atá faoi stiúir na Náisiún Aontaithe chomh maith leis an obair a dhéanann tionscnaimh idirnáisiúnta eile amhail Comhaontas Domhanda G7 maidir le Slándáil Bia, an Glao ar Ghníomhaíocht agus FARM. Áirítear ar na tionscnaimh sin bearta chun aghaidh a thabhairt ar ghanntanais leasachán, go háirithe trí mhargaí a choinneáil ar oscailt agus trí shrianta ar onnmhairiú a sheachaint, trí tháirgeadh leasacháin a mhéadú go sealadach chun ganntanais a chúiteamh, trí thacú le nuálaíocht maidir le leasachán agus trí mhodhanna a chur chun cinn chun éifeachtúlacht leasacháin a uasmhéadú.

Treisíonn an Coimisiún an **cur chuige iltaobhach** ina phlé déthaobhach le comhpháirtithe straitéiseacha. Mar shampla, trí bhíthin an Ardáin Comhoibrithe maidir leis an Talmhaíocht a bunaíodh leis na Stáit Aontaithe i mí na Samhna 2021, tugtar aghaidh ar phríomh-shaincheisteanna amhail an easpa faisnéise iontaofa maidir le soláthar agus éileamh i margaí idirnáisiúnta, an gá atá le héifeachtúlacht táirgthe barr agus úsáid cothaitheach a fheabhsú, agus cleachtais táirgthe a scagadh trí úsáid a bhaint as sonraí agus as cur i bhfeidhm beacht. Reáchtálfaidh an Coimisiún agus Ceanada

imeacht comhpháirteach maidir le húsáid inbhuanaithe leasachán, lena ndíreofar ar úsáid agus forbairt táirgí nua a bharrfheabhsú.

Beidh an Coimisiún páirteach freisin sa **Dúshlán Domhanda Leasachán** a seoladh ag Fóram na Mórgheilleagar i mí an Mheithimh 2022. Is é is aidhm don tionscnamh slándáil dhomhanda an tsoláthair bia a neartú agus astaíochtaí gás ceaptha teasa na talmhaíochta a laghdú trí ghanntanais soláthair leasacháin a mhaolú, go háirithe trí **bhainistiú níos fearr a dhéanamh ar chothaithigh, trí éifeachtúlacht úsáide leasachán a mhéadú, trí chleachtais feirmeoireachta mhalartacha agus trí roghanna malartacha ar leasacháin mhianracha** , agus tá gníomhaíochtaí nithiúla lena rannchuidítear le cuspóirí an Dúshláin Dhomhanda Leasachán á sainaithint aici faoi láthair**.**

Chomh maith le tionchar ionradh na Rúise, bhí tionchar mór ag suaitheadh sa mhargadh ar mhargaí leasacháin domhanda. Tá srianta ar onnmhairiú forchurtha ag príomhthíortha táirgthe, amhail an Rúis agus an tSín, a raibh tionchar acu ar 20 % de thrádáil dhomhanda leasacháin a léirítear i gcothaithigh[27]. Rinne an tAontas a ndícheall maidir le comhar lena chomhpháirtithe agus le heagraíochtaí idirnáisiúnta, agus é d'aidhm aige na srianta sin ar thrádáil a sheachaint.

### 3.2. Tacaíocht do thíortha comhpháirtíochta: bainistiú inbhuanaithe ar thorthúlacht na hithreach agus acmhainneachtaí táirgeachta feirmeoirí

Tá éagsúlacht mhór idir leibhéil dhomhanda tomhaltais leasacháin mhianraigh in aghaidh an heicteáir de thalamh arúil[28]. Tá **cleachtais talmhaíochta éagsúlaithe**, rochtain ar uisce, oiliúint oiriúnaithe agus seirbhísí comhairleacha tuaithe, cearta slána talún, rochtain chothrom ar shíolta ardcháilíochta agus rochtain ar chreidmheas i measc na mórluamhán chun tacú le straitéisí táirgthe agus athléimneachta feirmeoirí. Tá na tosca sin ríthábhachtach, go háirithe i gceantair ina mbíonn freagairt íseal leasacháin mar thoradh ar dhíghrádú talún.

I bhfianaise an mhéid sin agus i gcomhréir lena straitéis 'Ón bhFeirm go dtí an Forc' agus lena straitéis um Bhithéagsúlachta, tá an Coimisiún tiomanta an bealach a réiteach ar fud an domhain do **chineálacha cur chuige nuálacha chun tacú le bainistiú comhtháite ar torthúlacht na hithreach**, agus sraith éagsúil réiteach torthúlachta ithreach atá sonrach don láthair a chur i bhfeidhm lena gcuideofar le gnóthachain inbhuanaithe táirgeachta. Le hagrai-éiceachórais éagsúlaithe, cion níos airde d'ábhar orgánach san ithir agus bainistiú níos fearr ar an timthriall cothaitheach (i) méadaítear an athléimneacht i gcoinne an athraithe aeráide, (ii) rannchuidítear le maolú ar an athrú

---

[27] Rianaire beartais trádála bia IFPRI, https://www.ifpri.org/project/covid-19-food-trade-policy-tracker

[28] Ó 20 kg/ha sa réigiún Fo-Shahárach, go 77 kg san Afraic Thuaidh, 125 kg/h i Meiriceá Thuaidh, 155 kg/ha san Eoraip, 171 kg/ha i Meiriceá Laidineach go 294 kg/ha in Oirthear na hÁise (2018, an Banc Domhanda).

aeráide trí níos mó carbóin a stóráil san ithir, agus (iii) cuirtear feabhas ar chaomhnú na bithéagsúlachta.

Cé nach déantar difear do gach feirmeoir ar an mbealach céanna agus ar an scála céanna i ngach tír, cuidíonn an tAontas lena chomhpháirtithe a spleáchas ar leasacháin allmhairithe agus ar a spleáchas ar leasacháin mhianracha a laghdú trí infheistíocht a dhéanamh i roghanna malartacha, lena n-áirítear leasacháin orgánacha, agus sa **talmhaíochta inbhuanaithe agus bainistíocht ar thorthúlacht ithreach** freisin. Is cuid lárnach é sin de leathadh amach chonairí claochlaithe na gcóras bia náisiúnta atá faoi stiúir tíre, tar éis Chruinniú Mullaigh 2021 na Náisiún Aontaithe maidir le Córais Bhia. Déanfar roinnt idirghabhálacha arna gcistiú ó ionstraim NDICI[29]-An Eoraip Dhomhanda, lena n-áirítear ón tSaoráid nua um Bia agus Athléimneacht le haghaidh thíortha na hAfraice Thuaidh agus an Mheánoirthir ar fiú EUR 225 mhilliún í, agus ó imchlúdach forbartha na tacaíochta EUR 600 milliún a fógraíodh le déanaí ó chúlchistí CEF do thíortha ACC agus ón tSaoráid um bia agus athléimneacht, a dhearadh chun na críche sin. Déanfaidh an tAontas an méid seo a leanas go háirithe:

- idirphlé agus comhroinnt taithí a éascú, tacú le gníomhaíochtaí taighde agus nuálaíochta, go háirithe i dtíortha ina bhfuil ardleibhéal úsáide leasacháin agus/nó éifeachtacht íseal úsáide cothaitheach;

- oibriú go dlúth le heagraíochtaí feirmeoirí ar fud slabhraí agra-luacha sonracha agus iad a nascadh go córasach le heagraíochtaí taighde talmhaíochta agus leis an earnáil phríobháideach, ag tógáil, i measc nithe eile, ar phunanna DeSIRA agus GCCA+[30];

- cuir chuige agrai-éiceolaíocha a chur chun cinn, lena n-áirítear cur chuige a bhaineann le slabhraí luacha nithiúla agus barra, agus cleachtais talmhaíochta inbhuanaithe atá riachtanach chun torthúlacht na hithreach a fheabhsú agus a chothú (léagúim agus próitéiní plandaí, barra cumhdaigh, agrafhoraoiseacht, beostoc ilsaothraithe, etc.). Mar shampla, glacfar na gníomhaíochtaí sin i Maracó, sa Túinéis, san Éigipt, san Iordáin, sa Liobáin agus sa tSiria faoin 'Saoráid um Bia agus Athléimneacht' réigiúnach ar fiú EUR 225 mhilliún í;

- rochtain ar leasacháin agus úsáid éifeachtúil leasachán do shealbhóirí beaga a fheabhsú trí uirlisí trédhearcacha agus dea-spriocdhírithe (e.g. ríomhdhearbháin, scéimeanna comhíocaíochta, micreadháileoga a úsáid ar mhaithe le tuilleadh éifeachtúlachta), seirbhísí comhairleacha éifeachtúla (comharduithe cothaitheach a ríomh, foinsí éagsúla cothaitheach a shlógadh) agus cláir fóirdheontais ionchuir phoiblí fheabhsaithe do leasacháin mhianracha agus orgánacha;

---

[29] An Ionstraim um Chomharsanacht, Forbairt agus Comhar Idirnáisiúnta.

[30] DeSIRA: Nuálaíocht Chliste a Fhorbairt trí Thaighde sa Talmhaíocht. GCCA+: An Comhaontas Domhanda um Athrú Aeráide+.

- comhpháirtíochtaí straitéiseacha leanúnacha a chothú, go háirithe le CGIAR[31], leis an gCiste Idirnáisiúnta um Fhorbairt Talmhaíochta (IFAD) agus le FAO, chun bainistiú inbhuanaithe ar thorthúlacht na hithreach a neartú agus cuir chuige agrai-éiceolaíocha a éascú.

Ag an am céanna, tá sé d'aidhm ag an Aontas a **chúnamh daonnúil bia** a neartú tuilleadh, ar fiú os cionn EUR 900 milliún é go dtí seo in 2022. Tá sé sin thart ar 55 % níos mó ná anuraidh, agus beagnach 80 % níos mó ná mar a bhí in 2020. Úsáidfear cistí chun slándáil bia agus stádas cothaithe na bpobal leochaileach a neartú trí rialacha mionsonraithe a bheadh éagsúil ag brath ar chomhthéacs na tíre agus ar an gcomhthéacs réigiúnach (cúnamh díreach bia comhchineáil/airgid lena n-áirítear airgead tirim ilchuspóireach, cothú).

### 3.3. Trédhearcacht margaidh agus Córas Faisnéise na Margaí Talmhaíochta (AMIS) de chuid G20

Leanfaidh an tAontas de **thrédhearcacht margaidh a chur chun cinn chun cobhsaíocht na margaí a áirithiú** agus chun suaitheadh sa mhargadh agus ardú tobann praghsanna a sheachaint. Is díol sásaimh don Choimisiún gur cuireadh síneadh le cumhdach AMIS de chuid G20 chuig an margadh leasacháin agus tá sé tiomanta na sonraí agus an tacaíocht uile is gá a chur ar fáil do Rúnaíocht AMIS. I ndáil leis an méid sin, tá an Coimisiún ag féachaint, i gcomhar leis na Ballstáit, ar na deiseanna atá ann cistiú breise a chur ar fáil do AMIS.

### 3.4. Trádáil dhomhanda leasachán a éascú

Leanfaidh an tAontas de chur i gcoinne bearta lena gcuirtear srian nó toirmeasc ar onnmhairiú leasachán mar a léirítear sa Teachtaireacht ón gCoimisiún an 23 Márta. Leanfaidh an tAontas de bheith ag obair go dlúth le tíortha eile i bhfóraim idirnáisiúnta (go háirithe san Eagraíocht Dhomhanda Trádála, G7, FAO) i gcoinne srianta trádála nó toirmisc ar onnmhairiú leasachán agus leanfaidh sé de thimpeallacht trádála oscailte, thrédhearcach agus intuartha a áirithiú. Ar an gcaoi sin, cuirfidh an tAontas gníomhaíochtaí chun cinn chun trédhearcacht a mhéadú maidir le srianta ar onnmhairiú, lena n-áirítear maidir le leasacháin, mar bhealach chun na gealltanais a tugadh faoin dearbhú maidir le neamhshlándáil an tsoláthair bia a comhaontaíodh ag an gcruinniú deireanach de chuid na hEagraíochta Domhanda Trádála a chur chun feidhme.

Na bealaí lóistíochta nua leathnaithe a bunaíodh leis na **Lánaí Dlúthpháirtíochta idir an tAontas agus an Úcráin**, is conairí ríthábhachtacha anois iad d'onnmhairí na hÚcráine, san earnáil talmhaíochta agus in earnálacha eile araon. Ó bhí mí Lúnasa ann, le **Tionscnamh Gráin na Mara Duibhe**, atá faoi stiúir na Náisiún Aontaithe, cuidíodh le lastais gráin a athsheoladh ó chalafoirt na hÚcráine sa Mhuir Dhubh. I dteannta a chéile,

[31] An Grúpa Comhairleach um Thaighde Idirnáisiúnta Talmhaíochta.

leis an dá thionscnamh, cumasaíodh níos mó ná 22 mhilliún tona de ghrán, síolta ola agus táirgí gaolmhara de chuid na hÚcráine a onnmhairiú idir mí na Bealtaine agus mí Dheireadh Fómhair. Tá sciar suntasach de na hearraí talmhaíochta sin ag sroicheadh tíortha comhpháirtíochta atá i ngátar.

Ag an am céanna, **tá an earnáil agraibhia agus leasacháin díolmhaithe go bunúsach ag an Aontas óna bhearta sriantacha i gcoinne na Rúise**[32]. Ós rud é nach smachtbhannaí seach-chríochacha iad na smachtbhannaí sin, níl feidhm acu maidir le cuideachtaí neamh-AE ná le daoine aonair a dhéanann gnó go hiomlán lasmuigh den Aontas. Thairis sin, leis na smachtbhannaí sin, is féidir leasacháin photaise, ar leasacháin iad a thagann ón Rúis nó a onnmhairítear ón Rúis chuig tíortha nach bhfuil san Aontas, a aistriú ag oibreoirí an Aontais nó trí chríoch an Aontais[33]. Ceadaítear an maoiniú nó an cúnamh airgeadais a bhaineann leis na haistrithe sin, chomh maith le soláthar árachais. Ina theannta sin, tá forálacha sonracha i smachtbhannaí an Aontais freisin chun a áirithiú go mbeidh idirbhearta do tháirgí talmhaíochta na Rúise, lena n-áirítear leasacháin, in ann dul ar aghaidh go réidh. D’eisigh an Coimisiún treoir chuige sin, chun cabhrú leis na Ballstáit smachtbhannaí an Aontais a chur chun feidhme go héifeachtach agus go haonfhoirmeach, rud atá fíorthábhachtach don earnáil agraibhia. Ina theannta sin, leanann an Coimisiún de bheith ag obair go dlúth leis na Ballstáit agus le heagraíochtaí idirnáisiúnta chun a áirithiú go mbeidh treoir agus cur chun feidhme ag údaráis inniúla trédhearcach agus comhsheasmhach, rud a chuireann ar chumas an tionscail slabhraí soláthair feidhmiúla a choinneáil i gcomhréir iomlán le smachtbhannaí an Aontais, agus rud a chuireann le hinfhaighteacht leasachán d’fheirmeoirí. Tá cuspóir soiléir ag smachtbhannaí an Aontais: chun cogadh foghach na Rúise i gcoinne na hÚcráine a dhíspreagadh agus freagra a thabhairt air. Ar an gcúis sin, le smachtbhannaí an Aontais, cuirtear srianta ar roinnt príomhearnálacha den gheilleagar chun cosc a chur ar ioncam suntasach lena gcisteofaí acmhainn cogaíochta na Rúise, agus chun sócmhainní daoine aonair agus eintiteas a thacaíonn leis an gcogadh a chalcadh. Mar sin féin, i gcodarsnacht le bolscaireacht na Rúise, níl na haidhmeanna sin ar neamhréir le slándáil bia.

### 3.5. Aghaidh a thabhairt ar inacmhainneacht trí spás fioscach feabhsaithe

Le praghsanna allmhairiúcháin níos airde ar bhia agus ar leasacháin agus le suaití i slabhraí soláthair le haghaidh allmhaireoirí bia, chomh maith le caillteanas ioncaim le haghaidh roinnt onnmhaireoirí bia, cuirtear le **riachtanais phráinneacha maidir le comhardú na n-íocaíochtaí** de chuid tíortha áirithe nach Ballstáit den Aontas iad. Leis an ranníocaíocht EUR 100 milliún a rinne an tAontas le hIontaobhas Laghdaithe Bochtaineachta agus Fáis (PRGT) de chuid CAI, tacófar le tíortha leochaileacha a bhfuil

---

[32] Baineann an t-aon srian ar an Rúis atá i bhfeidhm faoi láthair le hallmhairithe leasachán potaise áirithe isteach san Aontas, a bhfuil cuóta mór i bhfeidhm ina leith, áfach, bunaithe ar thomhaltas roimhe seo. Tá smachtbhannaí a bhaineann le daoine aonair ainmnithe ábhartha freisin.

[33] Tá an méid sin gan dochar do chumas na mBallstát na bearta is gá a dhéanamh chun a leasanna slándála náisiúnta a chosaint.

méadú tagtha ar a mbillí allmhairiúcháin. Sheol CAI Ionú Turrainge Bia le déanaí. Tacaíonn an tAontas leis an ionú sin trína rannchuidiú le PRGT toisc go gcuidíonn sé le tíortha ACC (Tíortha Ísealioncaim den chuid is mó) rochtain a fháil ar iasachtú lamháltais chun iarmhairtí na géarchéime bia a mhaolú. Ina theannta sin, tríd an tSaoráid nua um shlándáil bia agus athléimneacht ar fiú EUR 225 mhilliún í, tacóidh an tAontas, inter alia, le cobhsaíocht chomhardú na n-íocaíochtaí i dtíortha i gComharsanacht an deiscirt, agus ba cheart síneadh breise a chur leis an tacaíocht sin in 2023.

### 3.6. Comhpháirtíochtaí le hInstitiúidí Airgeadais Idirnáisiúnta a neartú

Féachfaidh an tAontas le bealaí a aimsiú chun comhpháirtíochtaí a neartú agus **infheistíochtaí nuálacha agus inbhuanaithe a fhorbairt in earnáil na talmhaíochta** tríd an gcomhar leis na hInstitiúidí Airgeadais Idirnáisiúnta faoin Tairseach Dhomhanda a threisiú mar chuid de fhreagairt chuimsitheach Fhoireann na hEorpa lena n-áirítear tríd an ionú infheistíochta sa talmhaíocht ó Ollstruchtúr Oscailte an Chiste Eorpaigh um Fhorbairt Inbhuanaithe (CEFI+). Tacaíonn CEFI+ le córais talmhaíochta agus slabhraí luacha atá aeráidchliste. Cumhdaítear infheistíochtaí suntasacha san earnáil phríobháideach agra-ghnó cheana féin le punann an Bhainc Eorpaigh Athfhoirgníochta agus Forbartha. Soláthróidh an Banc Eorpach Infheistíochta iasacht lamháltais EUR 500 milliún don Chiste Idirnáisiúnta um Fhorbairt Talmhaíochta (IFAC) chun infheistíochtaí lena gcuirtear borradh faoin táirgeadh talmhaíochta inbhuanaithe agus lena ngintear athléimneacht a mhaoiniú.

### 3.7. Cumarsáid straitéiseach agus an comhrac i gcoinne na bréagaisnéise

Treiseoidh an Coimisiún an teachtaireacht chomhpháirteach maidir lena iarrachtaí i dtaobh leasacháin ar leibhéal iltaobhach, réigiúnach agus tíre, lena n-áirítear trí Thoscaireachtaí an Aontais chun aghaidh a thabhairt ar dhearcthaí agus ar ábhair imní i dtíortha comhpháirtíochta. Ag an am céanna, leanfaidh an tAontas d'fhaireachán a dhéanamh ar ghníomhaíochtaí cúblála faisnéise agus trasnaíochta na Rúise agus de bheith ag cur ina gcoinne, ar gníomhaíochtaí iad arb é is aidhm dóibh an fhreagracht as an ngéarchéim slándála bia a atreorú óna chogadh foghach i gcoinne na hÚcráine, lena n-áirítear trí chainéil phoiblí an Aontais, amhail EUvsDisinfo agus le comhpháirtithe atá ar aon intinn leis amhail G7 agus ECAT.

## 4. CONCLÚID

Tá leasacháin tábhachtach chun táirgeadh leanúnach bia agus beatha san Aontas agus ar fud an domhain a áirithiú. Le praghsanna arda gáis agus cogadh foghach na Rúise i gcoinne na hÚcráine, sa bhreis ar an spleáchas ar líon teoranta soláthróirí - lena n-áirítear an Rúis - cuireadh infhaighteacht agus inacmhainneacht leasachán i mbaol, rud a chuir slándáil bia i mbaol dá réir sin, go háirithe sna tíortha is leochailí ar domhan.

Sa chomhthéacs sin, tá gá le gníomhaíochtaí gearrthéarmacha chun tacú le feirmeoirí agus le táirgeoirí leasacháin. Orthu sin tá trédhearcacht níos fearr sa mhargadh, bearta cúnaimh a théann chun tairbhe do tháirgeoirí leasacháin agus d'fheirmeoirí trí Státchabhair agus cistiú ón Aontas amhail Pleananna Straitéiseacha CBT agus bearta margaidh faoin gcúlchiste talmhaíochta, éagsúlú na bhfoinsí allmhairithe leasachán agus bearta maidir le háirithiú gáis agus teorannú praghsanna gáis agus tacú ag an am céanna

le cleachtais talmhaíochta inbhuanaithe chun úsáid níos fearr a bhaint as leasacháin agus chun spleáchas ar leasacháin a laghdú. Ba cheart do ghníomhaíochtaí den sórt sin a bheith comhsheasmhach i gcónaí le cuspóirí fadtéarmacha an Chomhaontaithe Ghlais don Eoraip agus leis na straitéisí gaolmhara a ghabhann leis.

Leanfaidh an tAontas de bheith ag obair leis na Ballstáit, leis na Bainc Eorpacha Forbraíochta, le heagraíochtaí idirnáisiúnta, le tíortha comhpháirtíochta agus le príomhghníomhaithe eile chun an tionchar a bhíonn ag inacmhainneacht laghdaithe leasachán ar shlándáil dhomhanda bia a mhaolú agus chun feabhas a chur ar a n-úsáid éifeachtúil. Tá an tAontas Eorpach páirteach i dtionscnaimh nua idirnáisiúnta amhail na Dúshláin Dhomhanda Leasachán, tá dlús á chur aige lena chomhpháirtíocht le hInstitiúidí Idirnáisiúnta Airgeadais agus leanfaidh sé de bhearta a chur chun cinn chun trédhearcacht sa mhargadh domhanda a áirithiú agus srianta ar onnmhairiú a sheachaint.

Sa mheántéarma agus san fhadtéarma, is cuid thábhachtach den réiteach ar na dúshláin a bhaineann le soláthar leasacháin chomh maith leis an gcomhshaol agus leis an aeráid é tacú leis an aistriú i dtreo úsáid inbhuanaithe leasachán agus le cur in úsáid roghanna malartacha inbhuanaithe ar leasacháin mhianracha. Príomhghníomhaíochtaí tionlacain a bheidh i dtacaíocht d'athchúrsáil cothaitheach ó shruthanna dramhaíola agus i mborradh a chur faoi tháirgeadh amóinia glaine. Tiocfaidh tairbhí as sin d'fheirmeoirí, don chomhshaol agus don aeráid agus ag an am céanna laghdófar spleáchas an Aontais ar leasacháin atá bunaithe ar bhreoslaí iontaise. Ba cheart dlúthbhaint a bheith ag an méid sin le leanúint de ghníomhaíochtaí amhail trédhearcacht níos fearr sa mhargadh, éagsúlú na bhfoinsí allmhairithe, srianta ar an margadh a chosc agus gníomhaíochtaí lena ndírítear ar sholáthar fuinnimh inacmhainne agus slán.

Leis an gcur chuige sin, cuirtear deiseanna ar fáil do thíortha comhpháirtíochta an Aontais freisin. Tacóidh an tAontas leo maidir le roghanna malartacha ar leasacháin mhianracha a chur chun cinn bunaithe ar bhainistiú inbhuanaithe ar thorthúlacht na hithreach.

Is deis í an ghéarchéim atá ann faoi láthair chun dlús a chur leis an aistriú chuig talmhaíocht inbhuanaithe agus chuig córas bia inbhuanaithe, seachas spleáchas míchuí ar leasacháin shintéiseacha, agus soláthar leordhóthanach agus inacmhainne leasacháin á áirithiú d'fheirmeoirí san Aontas agus ar fud an domhain ag an am céanna.